**RABHADH**
**CAITHFEAR an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 13 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30–12:30**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar seo a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1,**
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc**.

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar Roinn 2 agus Roinn 3.

# ROINN 1

**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Is liosta de théarmaí gnó atá i g**Colún 1**. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí gnó sin atá i g**Colún 2**.
(*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí sin.*)

| | **Colún 1: Téarmaí** | | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|---|---|
| 1 | Sainchuntas poist | A | An líon íochtarán a thuairiscíonn go díreach do bhainisteoir. |
| 2 | Normú | B | Taispeánann sé na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna a theastaíonn. |
| 3 | Pleanáil Daonchumhachta | C | Céim i bhforbairt foirne. |
| 4 | Sonraíocht faoin bPearsa | D | An struchtúr tuairiscithe ó bharr an ordlathais go dtí an bun. |
| 5 | Slabhra Ceannais | E | An líon ceart fostaithe leis na scileanna cearta san áit cheart ag an am ceart. |
| | | F | Sainíonn sé na príomhdhualgais agus na príomhfhreagrachtaí. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** Ainmnigh **trí** chatagóir na tionsclaíochta agus tabhair sampla **amháin** de ghairm bheatha i ngach catagóir díobh:

(i) ______________________________ Sampla: ____________________________________

(ii) ______________________________ Sampla: ____________________________________

(iii) ______________________________ Sampla: ____________________________________

**3.** I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann chuige sin.

| | |
|---|---|
| ÍMAT (*PAYE*) | |
| MSU (*USC*) | |
| ÁSPC (*PRSI*) | |
| CCÚT (*DIRT*) | |
| CGC (*CGT*) | |

**4.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart** i n**gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

(i) Is é atá sa bhoilsciú ná **ardú / laghdú** ar an gcostas maireachtála thar thréimhse ama.

(ii) Is é **an Margadh Eorpach Aonair / an Banc Ceannais Eorpach** a shocraíonn rátaí úis na mbanc do bhaill limistéar an euro.

(iii) Nuair a ardaíonn luach an Euro (€) in aghaidh dhollar na Stát Aontaithe ($), **ardaíonn /íslíonn** praghas easpórtálacha na hÉireann.

(iv) Is é an toradh a bhíonn ar laghdú ar ÍMAT (PAYE) ná **níos mó / níos lú** ioncaim indiúscartha a bheith ag fostaí.

(v) Ba cheart go mbeadh **níos mó / níos lú** ioncaim ag Rialtas na hÉireann mar thoradh ar mhéadú ar an bhfostaíocht.

**5.** (i) Mínigh an téarma **an t-íosphá náisiúnta**.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(ii) Déan cur síos ar shlí **amháin** a d'fhéadfadh méadú ar an íosphá náisiúnta dul i bhfeidhm ar **an ngnó in Éirinn** ó thaobh na heacnamaíochta de.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngnólacht ina mbeadh an réise rialúcháin róleathan.


(i) ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**7.** Léigh an ghrafaic faisnéise seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina diaidh.




(i) Ainmnigh an réigiún a n-easpórtálann Éire formhór a cuid earraí chuige.

______________________________________

(ii) Ríomh **Comhardú na Trádála**. Luaigh cé acu Barrachas nó Easnamh atá ann.

**Taispeáin do chuid oibre**

**Freagra:**________________________

(iii) Ainmnigh iompórtáil amháin thuas **nach** bhféadfaí earra a tháirgtear sa bhaile a chur ina ionad.

______________________________________________________________________

(iv) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**8.** Mínigh an téarma **margadh nideoige** agus tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Sampla:**____________________________________________________________

**9.** Léirigh an tuiscint atá agat ar ghaolmhaireacht **chomhoibritheach** idir fiontraí agus infheisteoir.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**10.**

(i) Léigh an chairt mheá ar mheá thíos agus ainmnigh na lipéid iomlána (ní giorrúcháin) do A, B, C agus D.

**Cairt Mheá ar Mheá do Eurocon CGA**




**Bosca Freagraí**

| | **Lipéad Iomlán** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |

(ii) Ríomh an brabús ag Aschur Tuartha 120 aonad. **Taispeáin do chuid oibre.**

| **Do chuid oibre** | **Brabús ag Aschur Tuartha**<br><br>**Freagra:** ______________________ |
|---|---|

(iii) Tabhair breac-chuntas ar theorainn **amháin** atá ar anailís mheá ar mheá.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar Roinn 2 agus Roinn 3.**

## ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 1, 2 agus 3.**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

### Ionad Póstaí agus Bainiseacha Lóiste Pháirc an Choirce



Chaith Emma Ní Dhálaigh blianta fada ag obair mar bhainisteoir oibríochtaí sa rannóg lónadóireachta in aerlíne mór le rá. In 2010 phós sí Séan, atá ina ailtire, agus shocraigh sí síos ar fheirm a mhuintire i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Thosaigh na teorainneacha a bhain le bheith ag obair do dhaoine eile ag cur as d'Emma. D'éirigh sí as a post chun dul i mbun gnó lena fear céile in 2015. De bharr athrú ar an dlí, bhí cead ionaid phríobháideacha a úsáid le haghaidh searmanais phósta. Agus í spreagtha ag a pósadh féin, cheap Emma go raibh deis ann gnó a thosú ag cur ionad malartach póstaí ar fáil. D'athchóirigh sí féin agus a fear céile seanscioból agus rinne siad ionad do phóstaí agus bainiseacha de, agus rinne siad árasáin d'aíonna as roinnt stáblaí. In 2017, d'oscail siad Lóiste Pháirc an Choirce mar ionad uathúil do phóstaí agus bainiseacha. Thosaigh liosta na gcliant ag fás agus fuair Lóiste Pháirc an Choirce léirmheasanna an-dearfach ar líne ó chliaint agus ó bhlagálaithe ar shuíomh ghréasáin do phóstaí agus bainiseacha. In 2018, thuairiscigh an gnólacht brabús €100,000.

Is é an sprioc fadtéarmach atá ag Emma ná go mbeadh a hionad ar an ionad malartach is mó le rá in Éirinn i gcomhair póstaí agus bainiseacha, inar féidir le daoine pósadh, bainis a bheith acu agus fanacht ann i ndiaidh na hócáide. Is í Emma an bainisteoir imeachtaí sa ghnólacht. Buaileann sí leis na lánúineacha ar fad bliain roimh an bpósadh agus pléann sí na roghanna éagsúla leo. Ón teacht le chéile tosaigh sin, socraíonn Emma an líne ama chun eispéireas uathúil pearsanta a bhaint amach. Ní mór di feidhmiú laistigh de na buiséid a chomhaontaítear leis an lánúin. Ní mór d'Emma a chinntiú freisin go gcuirfear seirbhís den scoth ar fáil. Ainmníodh Lóiste Pháirc an Choirce le déanaí mar an t*Ionad Póstaí agus Bainiseacha is Fearr* i gCúige Laighean. Tá seisear ar an bhfoireann lánaimseartha sa ghnólacht, agus fostaítear foireann pháirtaimseartha de réir mar is gá bunaithe ar mhéid na hócáide. Déantar na hoibrithe páirtaimseartha a roinnt ina bhfoirne don bhainis, agus tugtar treoracha dóibh maidir lena róil. Déanann maoirseoir ar leith maoirseacht ar obair na bhfoirne lónadóireachta, beáir agus tís.

De réir mar atá líon na n-áirithintí ag fás, tá níos mó brú ar Emma i dtaca le freastal ar riachtanais na lánúineacha agus feidhmiú laistigh de na buiséid chomhaontaithe. I gcás bainis amháin le déanaí, thuig Emma go raibh níos mó i gceist le scóip na hoibre ná mar a cheap sí ar dtús, rud a d'fhág nach raibh ach fíorbheagán ama aici. Mar thoradh air sin, réitíodh na biachláir faoi dheifir agus bhí an dáta mícheart i gcló orthu. Chomh maith leis sin, rinne an lánúin gearán nach bláthanna úra a bhí ag maisiú an ionaid. Ní raibh cuimhneacháin an phósta ar fáil do na haíonna ar an lá. Tharla sé gur fhostaigh Emma mac léinn coláiste áitiúil a raibh suim sa ghrianghrafadóireacht aige chun na grianghraif a thógáil, seachas grianghrafadóir gairmiúil. Bhí an-díomá ar an lánúin le halbam na bainise. Phostáil siad léirmheas mífhabhrach ar líne ar Lóiste Pháirc an Choirce.

Faoi láthair, tá Emma ag déanamh measúnú ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta leis an bhfoireann lánaimseartha, chun rudaí a chur ina gceart agus chun níos mó damáiste do cháil an ghnólachta a sheachaint.

**Ceisteanna ar leathanach 7** →

**(A)** (i) Mínigh an téarma fiontraí.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann Emma Ní Dhálaigh as a bheith ina fiontraí.

(20)

**(B)** Déan measúnú ar na **gníomhaíochtaí bainistíochta** a bhaineann le hoibríocht Ionad Póstaí agus Bainiseacha Lóiste Pháirc an Choirce.

(30)

**(C)** An dóigh leat gur chomhlíon Lóiste Pháirc an Choirce, **mar sholáthraí seirbhíse**, téarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980?
Mínigh do fhreagra, agus úsáid á baint agat as do chuid eolais ar an Acht **agus** tagairt agat don téacs sa cheist ar an nGnó Fheidhmeach.

(30)

**[80 marc]**



# ROINN 3

**(240 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1

# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

## Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

**(A)** Mínigh na téarmaí seo a leanas maidir le dlí na gconarthaí, agus tabhair sampla i n**gach** cás.

**Inniúlacht Chonraithe** **Comaoin** **Dlíthiúlacht Foirme** **Toiliú le Conrú**

(20)

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Tá altraí de chuid Chumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO) chun tús a chur le gníomhaíocht tionsclaíochta ar an 30 Eanáir agus iad ag géarú ar a ndíospóid phá. www.rte.ie

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis, **seachas pá**, a bhíonn le díospóid thionsclaíoch.
(ii) Déan plé ar na nósanna imeachta nach mór a leanúint sular féidir dul i mbun gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil. (25)

**(C)** Déan measúnú ar Nós Imeachta na nÉileamh Beag chun coimhlint a réiteach. (15)

**[60 marc]**

## Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> *Teach Píotsa na nDeartháireacha Taois*
> Cuireann na Deartháireacha Taois fíorphíotsa a bhácáiltear in oigheann atá breoslaithe ag adhmad, ar fáil ag margaí, ag ócáidí agus ag cóisir phríobháideacha. Le déanaí, thosaigh na deartháireacha ag úsáid sceanra agus naipcíní in-bhithmhillte in ionad plaisteach aonúsáide.
> Arna chur in oiriúint ó *The Irish Times* Iúil, 2018

(i) Déan plé ar an tábhacht a bhaineann le gnólacht a bheith freagrach maidir leis an gcomhshaol.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bheart, seachas an beart a luaitear thuas, a d'fhéadfadh gnólacht a chur sa mheá ina iarracht a bheith níos freagraí maidir leis an gcomhshaol. (25)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar na n-athróg eacnamaíoch seo a leanas ar ghnólachtaí in Éirinn.
**An ráta boilscithe** **An ráta úis** **An ráta fostaíochta** (20)

**(C)** Mínigh na cúiseanna a spreagann Rialtas na hÉireann an fhiontraíocht in Éirinn. (15)

**[60 marc]**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

**Ceist 3**

**(A)** Déan measúnú ar ról institiúidí an AE i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh.

(25)

**(B)** *I mí Eanáir 2019 bhí an euro 20 bliain ar an saol.*

Mínigh na cúiseanna a bhféadfadh sé go roghnódh gnólacht Éireannach trádáil le gnólachtaí eile **i limistéar an euro**.

(15)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

> Tá gnólachtaí Éireannacha in earnáil an chúraim nádúrtha chraicinn ag úsáid cumaisc de chomhábhair nádúrtha agus den eolaíocht chun táirgí nuálacha a fhorbairt don mhargadh idirnáisiúnta i gcúram nádúrtha craicinn, ar margadh é atá ag fás.
>
> *The Irish Times*, Meitheamh 2018

Déan plé ar na buntáistí a bhaineann gnólachtaí Éireannacha in earnáil an chúraim nádúrtha chraicinn as a bheith ag trádáil sa mhargadh domhanda **agus** ar na dúshláin a bhaineann leis an trádáil sin.

(20)

**[60 marc]**



# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Bainistíocht**

**Ceist 4**

**(A)** *Is gá go mbeadh sárscileanna cumarsáide ag Príomhoifigeach Airgeadais (CFO) i ngnólacht agus is gá dó/di a stíl chumarsáide agus a t(h)eachtaireacht a chur in oiriúint do pháirtithe leasmhara éagsúla.*

(i) Déan plé ar an tábhacht do ghnólacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach.
(ii) Léirigh **dhá** chonstaic nach mór do bhainisteoir iad a shárú chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bhfoireann, agus tabhair sampla éagsúil i n**gach** cás. (20)

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

> Cuideachta dhomhanda is ea Réitigh an Heicseagáin a dhearann bogearraí agus atá ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath.
>
> Tugann sí tuarastail iomaíocha agus conarthaí fadtéarmacha fostaíochta dá cuid fostaithe go léir. Tá struchtúr foirne aici ina n-oibríonn fostaithe ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain le chéile ar thograí nuálacha. Glactar le smaointe ón bhfoireann, agus déantar an nuálaíocht a chúiteamh. Tacaíonn Heicseagán le fostaithe a théann i mbun staidéar breise.

Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna éagsúla i dteoiric Maslow faoi thosaíochtaí na riachtanas **agus** léirigh conas a chuireann Réitigh an Heicseagáin an teoiric sin i bhfeidhm chun a gcuid fostaithe a spreagadh. (20)

**(C)** (i) Déan cur síos ar **dhá** stíl cheannaireachta.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an stíl cheannaireachta a roghnaíonn bainisteoirí gnó. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20)

**[60 marc]**

## Bainistíocht / Gnó i nGníomh

### Ceist 5

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

> Éileamh níos lú ar ghléasanna láimhe soghluaiste nua is cúis le titim 9% ar ioncam ó dhíolacháin ina líonra miondíola, dar le Miondíol Vodafone Éireann. *The Irish Times*, Eanáir 2019

Tabhair breac-chuntas ar na slite a mbíonn tionchar ag laghdú ar ioncam ó dhíolacháin ar ghnólacht.

(15)

**(B)** Tógadh na figiúirí sa tábla thíos as cuntais deiridh BioMed Teo.

| | **2017** | **2018** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Reatha (stoc ar deireadh san áireamh) | 40,000 | 62,500 |
| Dliteanais Reatha | 20,000 | 25,000 |
| Stoc ar Deireadh | 10,000 | 42,500 |

(i) Mínigh a bhfuil i gceist le **fadhb leachtachta** i ngnólacht.
(ii) Ríomh an Cóimheas Reatha **agus** an Cóimheas Fíorthástála do BioMed Teo do 2017 **agus** 2018. **Taispeáin do chuid oibre.**
(iii) Déan anailís ar an tábhacht a bhaineann leis na treochtaí do leachtacht BioMed Teo.

(25)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** chás éagsúla ina mbeadh gá ag gnólacht nuathionscanta le h**airgeadas gearrthéarmach agus** mínigh an fhoinse is oiriúnaí den airgeadas gearrthéarmach i n**gach** cás díobh sin.

(20)

**[60 marc]**

**Tá na ceisteanna 6 agus 7 ar an gcéad leathanach eile**

## Bainistíocht / Gnó i nGníomh

**Ceist 6**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



**Uaireadóirí aclaíochta Fitbit**

Is gléasanna teicneolaíochta inchaite iad uaireadóirí aclaíochta Fitbit ar féidir iad a oibriú gan sreang. Tomhaiseann siad sonraí amhail an líon céimeanna a shiúltar, croíráta, cáilíocht an chodlata, na céimeanna a dhreaptar agus méadrachtaí pearsanta eile a bhaineann leis an aclaíocht. In 2018, d'fhógair Fitbit pleananna chun comhoibriú le Google i margadh na teicneolaíochta sláinte digití. www.fitbit.com

(i) Mínigh an téarma gné uathúil dhíolacháin (USP) **agus** tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.

(ii) Agus tú ag tagairt d'uaireadóir aclaíochta Fitbit, léirigh na céimeanna seo a leanas i bhforbairt táirge nua: Staidéar Indéantachta, Forbairt Fréamhshamhla agus Margaíocht Tástála. (20)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na rioscaí a bhaineann le comhghuaillíocht straitéiseach mar mhodh chun gnó a fhairsingiú.

(ii) Mínigh modh **amháin** eile chun gnó a fhairsingiú. (25)

**(C)** Déan plé ar na cúiseanna a ndéanann bainistíocht measúnú feidhmíochta. (15)

**[60 marc]**

## Gnó i nGníomh

**Ceist 7**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




**Intezz - Deoch Bhog gan Siúcra**

Comhlacht domhanda a dhéanann deochanna boga is ea Beveraton CPT. D'fhorbair sé **Intezz,** deoch bhog nua a sheolfar ar an margadh i mí Mheán Fómhair, 2019.

**(A)** (i) Mínigh na tosca ba chóir a chur san áireamh sula gcinntear ar an bpraghas a ghearrtar ar thomhaltóirí i gcomhair táirge.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an straitéis phraghsála is fearr a oireann do **chéim thionscnaimh Intezz** agus **mínigh** an chúis atá le do rogha. (25)

**(B)** (i) Déan cur síos ar an ról atá ag Caidreamh Poiblí (PR) i ngnólacht.

(ii) Déan plé ar na modhanna a d'fhéadfadh Beveraton a chur san áireamh chun dea-chaidreamh poiblí a fhorbairt, agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir do bhainisteoir margaíochta Intezz a chur san áireamh nuair a bhíonn pacáistiú don bhranda á dhearadh. (15)

**[60 marc]**

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar Roinn 2 agus Roinn 3.**